# Polasaí Éide Scoile Ghaelcholáiste Charraig Uí Leighin

## 1. Ginearálta

### 1.1 Scóp

Baineann an polasaí seo le daltaí uile na scoile, lena dtuismitheoirí/caomhnóirí agus le foireann na scoile.

### 1.2 Baint le sanspiorad na scoile

Is cuid lárnach d'aitheantas dhaltaí na scoile í an chulaith scoile. Táthar ag súil go gcaithfidh gach uile dalta an chulaith scoile le dínit agus bród, leis an tuiscint ní hamháin go mbaineann aitheantas tábhachtach léi dó/di féin, gur ionadaí é gach dalta dá scoil féin chomh maith. Tá sé mar aidhm ag Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin timpeallacht fháiltiúil, shlán agus ordaithe a chur ar fáil agus a chaomhnú don uile dalta, ina dtugtar gach aon tacaíocht barr a chumas acadúil, pearsanta, sóisialta agus móralach a bhaint amach, le féinmheas agus le meas ar a chéile.

### 1.3 Cómhthéacs

Deineadh an polasaí seo a fhorbairt le comhairliúchán pháirtithe leasmhara uile na scoile, agus ar aon dul le héiteas na scoile. Ba chóir go leifí é i gcómhthéacs Pholasaí Sláinte agus Sábháilteachtacha, Pholasaí Iompair, Pholasaí Turasanna Scoile agus Pholasaí Frith-Mhaistíneachta na scoile. Molann Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin barr feabhais, agus na caighdéain is airde gnóthaíochta san uile ní. Is léiriú ríthábhachtach ar na hairdchaighdeáin úd an t-éide scoile. Deimhníonn sé ábhar bróid ár ndaltaí, go háirithe ar ocáidí ina ndéanann siad ionadaíocht ar son a scoile ag imeachtaí seach-churaclaim nú spóirt.

### 1.4 Réasúnaíocht

Tacaíonn eadaí sábháilte agus oiriúnacha go mór leis an bhfoghlaim. Creidtear i nGaelcholáiste Charraig Uí Leighin, gur cuid lárnach d'éiteas na scoile an chulaith scoile, agus go bhfuil ról tábhachtach aici chun iompar dearfach, aitheantas agus bród scoile a chothú, agus le cuimsiú a chothú i measc daltaí ó gach cúlra agus cine, saor ó bhrú sóisialta chun gléasadh ar chuma áirithe nú eile. Cothaíonn an t-éide scoile aontas agus gaoil dearfacha idir daltaí, a thacaíonn ardchaighdeáin teagaisc agus fhoghlama. Is siombal láidir d'ár bpobal foghlama an t-éide scoile, a dhear ár gcéad daltaí agus a dtuistí. Léiríonn sé ár mbród scoile, agus mar sin, coiméadtar go slachtmhar é i gconaí.

**1.5 Spriocanna an phólasaithe**

- **(a)** Is é polasaí na scoile go gcaitheann daltaí an chulaith scoile iomlán le linn scoile, le linn imeachtaí scoile agus le linn scrúdaithe stáit. Tá an tréimhse a chaitear ar scoil lasmuigh d'uaireanta scoile san áireamh anseo, maraon leis an aistear chuig agus ón scoil.
- **(b)** Cothaíonn an chulaith scoile aitheantas i measc daltaí faoi phobal scoile.
- **(c)** Tacaíonn an chulaith scoile le cothromaíocht idir daltaí, agus le comórtas a sheachaint
- **(d)** Cabhraíonn sí le heagar i dtimpeallacht na scoile
- **(e)** Cothaíonn sí freagracht phearsanta. Ní mór do gach dalta a chinntiú go bhfuil sé/sí ag caitheamh éadaí scoile glana, slachtmhara i gcónaí.
- **(f)** Cabhraíonn sí le haontas a chruthú idir grupaí ó chúlraí éagsúla, agus le pólasaí cuimseachta na scoile a chothú.

## 2. <u>Ábhar an Pholasaithe</u>

**2.1 Is é atá i gceist le culaith scoile Ghaelcholáiste Charraig Uí Leighin ná;**

- Geansaí dúghorm
- Casóg dúghorm
- Léine ghorm is bhán
- Carabhat de dhath an fhíona
- Sciorta/Bristí liatha do chailíní
- Brístí liatha do bhuachaillí
- Bróga dúbha ísle leathair iomláin
- Stocaí nú riteoga dúbha nú dúghorma

Is í culaith scoile Chorp Oideachais na scoile ná:

- Culaith reatha Ghaelcholáiste Charraig Uí Leighin
- Léine-pholo Ghaelcholáiste Charraig Uí Leighin
- Bróga reatha atá glan, slachtmhar agus sábháilte.

**Ní ghlactar le héadaí scoile ach amháin iad sin a chuirtear ar faáil i Siopa Uí Cathail, Carraig Uí Leighin (021 4375110).**

**2.2 Riachtainisí**

Ba chóir aird ar leith a thabhairt ar na pointí seo a leanas:

a) Ní mór do stocaí a bheith laistigh de bhrístí.
b) Táthar ag súil go mbeidh an sciorta d'fhad inghlactha agus gan aon leasú air.
c) Is féidir t-léine bhán amháin a chaitheamh faoin éide scoile, ach í a bheith dofheicthe.
d) Táthar ag súil go gcaithfidh daltaí an gnáth-chulaith scoile nú culaith spóirt na scoile, ach gan meascán den dá cheann a chaitheamh.
e) Táthar ag súil le hardchaighdéan glaineacht ó gach dalta.
f) Níl cead ag daltaí athrú chuig bróga reatha ag am lóin, ach amháin más imeachta spóirt réamheagraithe atá i gceist, agus cead tugtha roimis ag an múinteoir atá i bhfeighil.
g) Caitear casóg na scoile amháin ag taisteal chuig nú ón scoil agus ag imeachtaí scoile. Baintear gach aon chasóg ar shroichint na scoile, agus ní chaitear i bhfoirgneamh na scoile í.
h) Ba chóir don léine a bheith curtha laistigh den bhríste nú sciorta, dúnta ina hiomlán.
i) Ba chóir don charabhat a bheith dúnta suas ar fad.
j) Caitear an chulaith scoile Chorp Oideachais na scoile ag amanntaí réamhshocraithe leis na múinteoirí cuí amháin.
k) Tá éadaí reatha roghnacha (geansaí agus brístí gearra) ag an scoil, ach níl aon duaglas ar thuismitheoiri iad a cheannach. Tugtar na rudaí seo ar iasacht do dhaltaí ón scoil d'imeachtaí spóirt áirithe más gá.
l) Ní mór do dhaltaí na bróga reatha a chaitheamh (de réir an liosta éide scoile) don Chorp Oideachais agus nuair a bhíonn an chulaith scoile spóirt á chaitheamh. Ar mhaithe le sláinte agus sábháilteacht, ní cheadáitear ach bróga reatha oiriúnacha don Chorp Oideachais nú d'imeachtaí spóirt.
m) Níl an scoil freagrach as gnéithe den éide scoile a chailltear, a ghoidtear nú ar a ndéantar damáiste.

**2.2 Ag taisteal chuig/ón scoil**

Caitear an t-éide scoile iomlán ag taisteal chuig agus ón scoil.
Moltar bandaí frithchaiteoireachta a chaitheamh ar an turas leis.
Is féidir láimhínní, hataí agus scairfeanna a chaitheamh ar mhaithe le teas ar an turas chuig agus ón scoil/imeachtaí scoile, ach baintear iadar shroichint na scoile/imeachta scoile.

**2.3 Seodra**

Tá ceád fáinne cluaise stoda amháin a chaitheamh sa leath – mhaothán cluaise, fáinne amháin ar an leath-láimh, agus uaireadóir amháin.
Ba chóir fáinne cluaise a chaitheamh sa chuid íochtar den mhaothán cluaise.
Ní cheadaítear slabhraí, braisléidí nú seodra eile lena mbeadh baol sláinte agus sábháilteachta.

Ba chóir do dhaltaí a bheith saor ó ealaín choirp agus pollta feicéalacha.
Caitear bioráin a bhaineann le Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin amháin, agus atá réamh-cheadaithe ag an scoil.
Tá cead ag an scoil aon seodra atá ag dalta gur bhaol sláinte agus sábháilteachta é, a thógaint ó dhalta.

**2.4 Gruaig**

Ba chóir stíleanna gruaige a bheith néata, discréideach agus símplí, agus de dhath nádúrtha. Is é bainistíocht na scoile a thógfaidh an cinneadh faoi cad is "nádúrtha" ann.
Ba chóir d'fhearas gruaige a bheith simplí agus gan maisiúchán.
Ba chóir do ghruaig a bheith néata, slachtmhar agus curtha siar ón aghaidh.

Níor chóir go gcuirfí aghaidh dalta faoi cheilt nú go ndéanfaí aon chur isteach ar mhúinteoirí aghaidh an dalta a fheiscint ina hiomláine.

Ba chóir do bhuachaillí a bheith glan-bhearrtha.

Ní ghlacfar le haon stíl ghruaige a tharraingtear aird daltaí ón bhfoghlaim.

Tá cead glóthach gruaige a chaitheamh ar an mbeagán, de réir measúnú bhainistíocht na scoile.

**2.5 Smidiú**

Ba chóir do dhaltaí a bheith saor ó smidiú agus ó dhonnú bréige agus an chulaith scoile á caitheamh acu.

**2.6 Ingní**

Ba chóir go mbeadh ingní glan, slachtmhar, i slí nár bhaol sláinte nú sábháilteachta iad.

**2.7 Comhionannas agus Sonraí eile**

Tá réimse leathan reachtaíochta ann chun cosc a chur ar idirdhealú neamhdhleathach agus chun cearta daoine ó thaobh sonraí éagsúla a chosaint; cearta daonna, cine, gnéis agus míchumais ina measc. Tá Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin aireach faoi idirdhealú indíreach. Ní dhéanfar aon idirdhú idir daltaí ar bhonn gnéis, cine, nú creidimh. Is cuid tábhachtach de chreidimh éagsúla ná go gcloífí le gnás feistis áirithe nó le gnásanna áirithe. D'fhéadfadh míreanna éagsúla d'éadaí nó éadaí geanúla (m.sh. an ceann a chlúdú) a bheith i gceist. Déanfaidh Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin dianiarracht freastal a dhéanamh ar na riachtanaisí seo. Má dhéanann dalta cinneadh ceannbhart breise a chaitheamh ar bhonn creidimh, ní mór cloí le dathanna na scoile agus ceann dúghorm a chaitheamh. Ní chuirfear teorainn leis na cearta seo ach i gcásanna ar bhaol

sláinte nú sábháilteachta iad, nú ar mhaithe le cosaint ar chearta agus ar shaoirse daoine eile.

## 3. Róil agus Freagrachtaí

### 3.1 Freagrachtaí na dTuismitheoirí

Braitheann an scoil ar thacaíocht na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí agus an polasaí seo a chur i bhfeidhm aici. Níl sé praicticiúil nó féidearthachgo ndéanfaí heisceachtaí leis. Déanfaidh an scoil dianiarracht éide scoile bhreise a chur ar fáil do dhaltaí atá i láthair gan éide scoile.

Is í freagracht gach tuismitheora/caomhnóra áirithigh ná go bhfuil:

a) Do mhac/d'iníon ag caitheamh a (h)éide scoile iomlán cuí ar scoil, chuig gníomhaíochtaí scoile agus i rith scrúdaithe stáit;
b) Cúis dhílis ag daltaí bheith gan éide scoile agus go bhfuil nóta dátaithe agus sínithe ag tuismitheoir/caomhnóir go dtí a (h)oide ranga roimh 08:50 ar an lá i gceist, ag míniú na cúise, ags nóta dochtúra a chur chuig na scoile i gcás riachtanais leighis;
c) Lipéid shoiléire le hainm an dalta ar gach cuid den chulaith scoile le peann buan níocháin.
d) Éadaí oiriúnacha á chaitheamh ag an dalta ar laethanta atá 'saor ó éide scoile';
e) Cufaí sceite, cnaipí ar iarraidh agus fáithimí íslithe deisithe láithreach.

**Moltar go mbróidnítear inisealacha, sloinne (as Gaeilge) nú slí sho-aitheanta gach dalta ar imeachtar a c(h)asóige scoile. Is iad Mick Murphy and Sons Menswear, North Main Street, Cork (021 4273464) soláthraí roghnaithe na scoile. Ba chóir go gcuirfí casóga chuig an soláthraí díreach tar éis iad a cheannach, agus iad a bheith bailithe roimh thosach na scoilbhliana.**

### 3.2 Freagrachtaí na Múinteoirí

Déanfaidh múinteoirí monatóireacht ar an éide scoile ar bhonn laethúil.

## 4. Neamhchomhlíonadh le hionchas an éide scoile

- Iarrfar ar dhalta a c(h)ruth a fheabhsú ar scoil nó i rith gníomhaíochtaí scoile más gá.
- Má tá dalta ag caitheamh ball éadaigh nó seodra nach gcomhlíonann an ionchas éide scoile, iarrfar air/uirthi é a chur ina m(h)ála. Má bhíonn a thuilleadh fadhbanna, tógfar an ball éadaigh nó seodra.
- I gcás nach gcloíann dalta le rialacha maidir le héide scoile, cuirfear smachtbhannaí I bhfeidhm de réir Pholasaí Bhainistíocht Daltaí na scoile.

- Munar féidir le dalta cloí le riachtanas éigin éide scoile ar bhonn leighis, ba chóir dó/di nóta dochtúra a thabhairt chun na scoile maidin an lae atá i gceist.
- Is iad údaráis na scoile a thógfaidh an cinneadh faoi cad is caighdeán sásúil éide scoile ann.

## 5. <u>Ábhar Airgeadais</u>

Sa chás na gcloínn dalta le riachtainisí an pholasaithe seo, déanfar fiosrúcháin chiúine ar chúiseanna an neamhchomhionnanais seo. Más ar chúiseanna airgeadais é, léireoidh Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin tuiscint ar an scéal. Níor cheart go mbraithfeadh dalta míchompórdach toisc nach bhfuil sé a chumas ar m(h)uintire an t-éide scoile a cheannach.

Ghlac Bórd Bainistíochta na scoile leis an bPolasaí seo ar an 18ú Eanáir 2017.

Tá sé ar fáil do pháirtithe leasmhara uile na scoile.

Déanfar athbreithniú bliantúil air, agus/nú athrófar é mar is gá.